TEAGHLAIGH ÉAGSÚLA, GRÁ CÉANNA

When someone, with the authority of a teacher say, describes the world and you're not in it, there is a moment of psychic disequilibrium as if you looked in the mirror and saw nothing

Adrienne Rich

AN TÁBHACHT A BHAINEANN LE TEAGHLAIGH SA CHURACLAM OSPS

Tá teaghlaigh lárnach i bhfoirmiú féiniúlachta páistí agus is é seo an príomhbhealach ina mbreathnaíonn siad ar an domhan timpeall orthu. Tá 'mise agus mo theaghlach' mar cheann de na snáitheanna sa Churaclam Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS), de réir na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS, 1999). Tá sé thar a bheith **tábhachtach go bhfeiceann gach páiste a theaghlach féin léirithe agus curtha san áireamh** sna ceachtanna seo. Tá sé fíorthábhachtach chomh maith go gcruthaítear atmaisféar agus aeráid scoile dearfach ina bhfuil meas agus inghlacthacht léirithe de gach saghas teaghlach. Tá teaghlaigh in Éirinn inniu éagsúil; teaghlaigh le máthair agus athair, teaghlaigh le tuismitheoir amháin, teaghlaigh faoi stiúir ag baill den teaghlach sínte, teaghlaigh le leastuismitheoirí, teaghlaigh uchtála agus altrama, teaghlaigh faoi stiúir lánúin atá in aontíos le chéile, teaghlaigh an mharbhánaigh, teaghlaigh le daoine fásta amháin, teaghlaigh ó chultúir dhifriúla, agus teaghlaigh faoi stiúir dhaoine atá leispiach agus aerach. Sin ráite, bíonn ar dhaoine óga Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach (L.A.D.T.) agus ar pháistí ó theaghlaigh le tuismitheoirí den inscne chéanna dul i ngleic le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach chomh maith le réamhchlaonadh sa saol scoile agus i measc an phobail. Cabhraíonn comhráite agus gníomhaíochtaí aoisoiriúnach linn timpeallacht urramach a chur chun cinn inár seomraí ranga agus inár scoileanna. Tá sé d'aidhm ag an bpóstaer seo cabhrú linn dul i mbun comhrá faoi dhaoine agus teaghlaigh L.A.D.T i suíomh foghlama sábháilte, ag baint úsáide as teanga atá ceart agus dearfach. Ba chóir go mbeadh gach múinteoir i ngach leibhéal ranga in ann an póstaer seo a úsáid mar straitéis choisctheach **chun dul i ngleic le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach**.

CAD A DEIR AN TAIGHDE FAOI BHULAÍOCHT HOMAFÓBACH AGUS TRASFÓBACH?

Táthar tugtha faoi deara go bhfuil bulaíocht homafóbach agus trasfóbach forleathan i scoileanna in Éirinn (Minton, 2013). Bíonn tionchar ag seo ar bhaill phobal L.A.D.T, orthu siúd atá meabhairbhraite a bheith L.A.D.T, orthu siúd le tuistí L.A.D.T, orthu siúd le cairde agus muintir L.A.D.T, orthu siúd atá meabhairbhraite a bheith lasmuigh de noirm "baininscneach" agus "firinscneach" agus orthu siúd a fheiceann bulaíocht ag dul ar aghaidh ón taobhlíne. Léirigh taighde a rinne Maycock et al (2009) agus Norman et al (2006) **go mbíonn tionchar diúltach ag bulaíocht ar fhoghlaim an pháiste ar scoil, chomh maith le tinreamh, meabhairshláinte agus folláine an pháiste sin**. Dar le Maycock et al (2009) bíonn tionchar ag iompar bulaíochta agus strus mhionlach (stiogma, leithcheal, eisiamh sóisialta agus ciapadh) ar féinmhuinín, ar féindochar agus iompar féinmharfach. Tá **comhghaolú feicthe idir bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach agus deacrachtaí meabharshláinte** i measc an phobail L.A.D.T go leibhéal ina ndearna:

> 27% de dhaoine L.A.D.T a ghlac páirt sa suirbhé iad féin a fhéinghortú, uair amháin ar a laghad ina saoil go dtí seo
> Breis is 50% de dhaoine L.A.D.T (faoi 25) a ghlac páirt sa suirbhé machnamh tromchúiseach faoi dheireadh a chur lena saoil
> Thart ar 20% de dhaoine L.A.D.T (faoi 25) a ghlac páirt sa suirbhé lámh a chur ina mbás féin. (DES, 2013a, lch. 35)

Rinne an tOmbudsman do Leanaí taighde i 2012 a léirigh go mbeadh siad níos compordaí ag tuairisciú bulaíocht homafóbach más rud é go raibh plé déanta ar bhulaíocht homafóbach cheana féin. Sin ráite, ní chuirtear dúshlán faoi bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach go minic de bharr míthuiscintí faoi cad is brí le hiompar homafóbach agus trasfóbach. Mar gheall ar seo, leanann dearcthaí a bhaineann le heitrighnéasachas agus heitrinormataíocht ar aghaidh. Dar le Maycock et al (2009), má bhíonn tacaíocht, cuimsiú agus comhionannas curtha ar fáil do dhaoine LADT ní bhíonn an strus mhionlach céanna acu.

CAD GUR FÉIDIR LE MÚINTEOIRÍ AGUS SCOILEANNA DÉANAMH?

Dar le O'Moore & Stevens (2013, lch. 274-275), is féidir le múinteoirí tionchar a bheith acu ar dhearctha trí phearsantachtaí agus féiniúlachtaí difriúla a léiriú go dearfach trí chomhrá ranga agus gníomhaíochtaí OSPS. Moltar seo a úsáid i gcuideachta Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile, a cuireadh le chéile chun treoir agus tacaíocht a thabhairt do scoileanna agus iad ag dul i mbun cosc a chur ar iompar bhu-laíochta agus chun dul i ngleic leis. Chomh maith le sin,

> Ní mór do gach scoil a dhoiciméadú ina beartas frithbhulaíochta na straitéisí sonracha oideachais agus coiscthe a chuirfidh an scoil chun feidhme. Ní mór a bheith ar áireamh ansin na bearta a dhéanfaidh an scoil chun dul i ngleic go sainráite le ceist na cibearbhulaíochta agus na bulaíocht bunaithe ar aitheantas, go háirithe bulaíocht homafóbach agus bulaíocht trasfóbach. (ROS, 2013, lch.26)

Caithfidh scoileanna a bheith gníomhach le cosc ar chur ar chibearbhulaíocht agus ar bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach agus iarrachtaí a dhéanamh cinntiú go bhfuil gach páiste agus duine óga curtha san áireamh. Ba chóir polasaí neamhfhulaingte ar theanga homafóbach agus trasfóbach a chur i bhfeidhm. Mura dtugann múinteoirí dúshlán ar bhulaíocht homafóbach nó trasfóbach, tá baol ann go gcuirfidh siad le hatmaisféar eaglach sa scoil gan fhios dóibh féin.

TEAGHLAIGH ÉAGSÚLA, AN GRÁ CÉANNA: ÁIS DON UILEGHABHÁLACHAS

Ní gá duit bheith i do shaineolaí ar shaincheisteanna L.A.D.T nó ar bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach chun úsáid a bhaint as an bpóstaer seo. Tugann an áis seo deis duit comhrá agus gníomhaíochtaí a spreagadh a dhéanann **ceiliúradh ar na cosúlachtaí agus difríochtaí atá idir na páistí agus na teaghlaigh i do rang**. Má bhraitheann páistí agus daoine óga go bhfuil siad mar bhaill chothroma den phobal scoile, cuireann seo ilchineálacht chun cinn, cuireann sé dúshlán faoi thípeanna agus réamhchlaonadh agus léiríonn sé go bhfuil iompar bhulaíochta do-ghlactha. (ROS, 2013b, lch. 27) Bíonn gach bunscoil ag tnúth le háit sábháilte a chruthú dá mic léinn, áit ina mbíonn siad sásta agus ag mothú go bhfuil fáilte rompu. Má bhaintear úsáid as an bpóstaer seo agus acmhainní L.A.D.T eile, má chuirtear polasaithe cuimsitheacha frithbhulaíochta i bhfeidhm agus má chuirtear béim ar theanga uileghabhálach, is féidir dea-thimpeallacht foghlama a chur chun cinn de gach pháiste sa scoil. Mar mhúinteoirí agus oidí táimid ag iarraidh timpeallacht foghlama uileghabhálach a chruthú – ceann a **thugann deis do mhic léinn, múinteoirí agus baill fhoirne éagsúlacht a cheiliúradh agus dúshlán a thabhairt ar réamhchlaonadh.**

AG COTHÚ SCOIL UILEGHABHÁLACH: TREOIRLÍNTE UM DHEA-CHLEACHTAS

1. Tosaíonn curaclam uileghabhálach sna ranganna Naíonáin. Cinntigh go bhfuil gach saghas teaghlach agus gaol léirithe i do chomhráite ranga, i do cheachtanna agus i d'acmhainní teagaisc.
2. Cinntigh go bhfuil d'fhoirm ionträla dírithe ar theaghlaigh éagsúla (m.sh. go mbaintear úsáid as na téarmaí 'Tuismitheoir/Caomhnóir' agus 'Gaol leis an bPáiste' in ionad 'Máthair/Athair').
3. Cinntigh go bhfuil meas léirithe do na tuismitheoirí, múinteoirí agus baill fhoirne go léir sa scoil, agus go gcuirtear fáilte rompu.
4. Cur san áireamh go dtagann na páistí i do scoil ó réimse cúlraí teaghlaigh (teaghlaigh de tuistí den inscne chéanna, teaghlaigh le tuismitheoir amháin, teaghlaigh faoi stiúir seantuismitheora, teaghlaigh altrama, teaghlaigh uchtála agus go leor teaghlaigh eile san áireamh).
5. Cinntigh go bhfuil réimse acmhainní ar fud na scoile a dhéanann teaghlaigh éagsúla a cheiliúradh, ar nós póstaeir, taispeántais agus leabhair leabharlainne.
6. Freagair go héifeachtach do theanga homafóbach nó trasfóbach. Nuair a bhaineann mic léinn úsáid as téarmaí ar nós 'that's so gay' nó 'you're so gay' tá gach seans nach dtuigeann siad an drochthionchar a bhíonn ag seo ar dhaoine eile. Tá sé riachtanach go gcuirfidh múinteoirí dúshlán faoi theanga mar seo. Cinntigh go mbéimníonn tú nach bhfuil 'gay' ina 'drochfhocal' agus go mbainfear úsáid chruinn as.
7. Cuir dúshlán faoi bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach. Cuir polasaithe frithbhulaíochta i bhfeidhm go láidir de réir threoirlínte na Roinne Oideachais. Cinntigh go bhfuil straitéisí oideachasúla agus coiscthe a chur i bhfeidhm agus go bhfuil athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh orthu go rialta.
8. Déan imscrúdú ar na bealaí go léir ina gcuireann daoine L.A.D.T go mór leis an tsochaí in Éirinn agus timpeall an domhain.
9. Tabhair deiseanna do na páistí dúshlán a chur faoi steireaphlátaí inscne, iad a aithint agus a phlé. Cinntigh go dtuigeann siad go dtaitníonn go leor rudaí difriúla le buachaillí agus cailíní, agus gur féidir leo go leor rudaí difriúla a dhéanamh.
10. Déan féiniúlacht na bpáistí go léir a aithint agus a cheiliúradh. Spreag iad chun meas a léiriú dá chéile.

ÚSÁID TEANGA OIRIÚNACH

Má bhaineann na páistí úsáid as an bhfocal 'aerach' nó 'gay' ar bhealach diúltach i gcoinne páistí eile cur in iúl dóibh go bhfuil seo neamhfhóirsteanach. Mínigh dóibh go bhfuil sé ceart go leor na focail seo a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar dhaoine atá aerach, leispiach, déghnéasach nó trasinscneach ach go bhfuil sé mícheart na focail seo a úsáid chun daoine a mhaslú nó a ghortú. Tá seans go ngortódh na focail seo daoine aeracha nó daoine le cara nó garghaol L.A.D.T a chloiseann na focail a úsáid go míchruinn. Iarr orthu smaoineamh ar fhocal atá oiriúnach agus déan plé faoin tábhacht a bhaineann le meas a léiriú do dhaoine eile.

ÉAGSÚLACHT TEAGHLAIGH

Tagann teaghlaigh i ngach saghas struchtúr. I roinnt teaghlaigh bíonn máthair agus i dteaghlaigh eile bíonn athair. Bíonn teaghlaigh le máthair agus athair nó beirt mháthair nó beirt athair. Tá go leor páistí eile a chónaíonn le baill teaghlaigh ar nós seantuismitheoirí, aintíní nó uncail. Go minic, bíonn teaghlaigh gan páistí (daoine fásta amháin). Bíonn páistí ann a rugadh isteach sa teaghlach ina bhfuil siad mar pháirt de agus bíonn páistí ann chomh maith atá uchtaithe nó altramaithe. Tá teaghlaigh ann a chónaíonn le chéile agus teaghlaigh eile ina bhfuil baill ina chónaí in áiteanna difriúla. Is ionann teaghlach agus daoine a thugann grá agus aire dá chéile.

AG BAINT ÚSÁIDE AS AN BPÓSTAER: SMAOINTE CEACHTA

NAÍONÁIN SHÓISEARACHA AGUS NAÍONÁIN SHINSEARACHA

Snáithe: Mise agus daoine eile — Snáithaonad: Mise agus mo theaghlach

– na daoine a chomhdhéanann teaghlach a aithint agus a ainmniú agus a thuiscint nach mar a chéile gach aonad teaghlaigh (Curaclam OSPS, lch. 20)

EOCHARCHEISTEANNA DON PHÓSTAER:

> Cé atá i do theaghlach?
> Conas a chaitheann do theaghlach am lena chéile?
> Cad atá ar siúl ag na teaghlaigh sa phóstaer?
> Conas a thugann do theaghlach aire dá chéile?
> Conas atá na teaghlaigh sa phóstaer ag tabhairt aire dá chéile?
> An bhfuil gach teaghlach mar a chéile?
> Cad a thaitníonn leat faoi do theaghlach?

SMAOINTE CEACHTA:

- Cruthaigh bailiúchán nó colláis de phictiúir bunaithe ar theaghlaigh na bpáistí.
- Craobh Ghinealaigh: Maisíonn na páistí crann agus greamaíonn siad grianghraif de dhaoine speisialta atá acu ina gcuid teaghlaigh ar na brainsí.
- Sailéad torthaí: Suíonn na páistí i gciorcal. Glaonn tú ordú amach m.sh. bog timpeall má tá peata agat /má tá dearthháir agat / má thaitníonn ____ le do theaghlach.
- Dírigh isteach ar theaghlach sa phóstaer. Déan cur síos ar chuma agus ar phearsantacht na ndaoine sa teaghlach sin, ar pé rud atá ar siúl acu sa phictiúr agus ar bhaill teaghlaigh na clainne.
- Cónaíonn teaghlaigh i dtithe, in árasáin, in óstlanna, i gcarabháin, i dteachíní, tithe sraithe, bungalónna, in ionaid lóistíne srl. Conas mar a mhaisíodh na teaghlaigh seo a mbailte?
- Tomhais Cé? Léann an múinteoir ráiteas amach m.sh. 'Mo bhreithlá atá ann inniu', 'Is maith liom a bheith ag tochailt i ngaineamh', 'Tá beirt mháthair agam', 'Tá gruaig rua orm', 'Tá madra agam a chabhraíonn liom'. Déanann na páistí an carachtar atá i gceist a thomhais.
- Cluiche Kim: Clúdaíonn an múinteoir ceann de na teaghlaigh. Déanann na páistí cur síos ar an teaghlach atá clúdaithe.
- Fónaic/Cluiche ríme: Aimsigh rud éigean sa phóstaer a thosaíonn le ... / a dhéanann rím le ...
- Tabhair deis do na páistí teaghlaigh éagsúla a chruthú le LEGO, marla, cré srl.
- Féach ar na leanaí sa phóstaer. An buachaillí nó cailíní iad? Conas go bhfuil a fhios againn? An bhfuil dathanna i gcomhar buachaillí agus dathanna i gcomhar cailíní. Déan plé ar steireaphlátaí a bhaineann le hinscne.

RANG A HAON AGUS RANG A DÓ

Snáithe: Mise agus daoine eile — Snáithaonad: Mise agus mo theaghlach

– iad siúd a chónaíonn sa bhaile a ainmniú agus labhairt fúthu agus a aithint nach ionann gach baile agus gach teaghlach (Curaclam OSPS, lch. 31)

EOCHARCHEISTEANNA DON PHÓSTAER:

> Bain úsáid as do chéadfaí chun taiscéalaíocht a dhéanamh sa phictiúr. Cad a fheiceann tú/a chloiseann tú/a mhothaíonn tú/a bhlaiseann tú/a bholaíonn tú?
> Dírigh ar teaghlach amháin. An bhfuil siad cosúil le do theaghlach nó an bhfuil siad difriúil?
> An gcabhraíonn tú le do theaghlaigh? Cén fáth go bhfuil do chabhair thábhachtach?
> Conas a thugann na teaghlaigh sa phóstaer cabhair dá chéile?
> Conas atá do theaghlach leithleach?
> Conas atá na teaghlaigh sa phóstaer leithleach?
> Inis dúinn faoi am speisialta a chaith tú le do theaghlach.

SMAOINTE CEACHTA:

- Cruthaigh móibíl de na daoine go léir i do theaghlach.
- Samhlaigh gur tuairisceoir thú. I mbeirteanna nó i ngrúpaí iarr ar na páistí teaghlach amháin ón bpóstaer a chur faoi agallamh. Scríobh an tuairisc nuachta agus maisigh é le pictiúir.
- Sailéad torthaí: Glaonn tú ráiteas amach m.sh. 'Déan malairt má thaitníonn _____ le do theaghlach'.
- Déanann na páistí cur síos ar a dteaghlaigh féin do pháirtnéir. Éistíonn páirtnéir leis / léi agus tarraingíonn siad pictiúr den chur síos atá á ndéanamh. Breathnaíonn na beirteanna ar na pictiúir agus iad críochnaithe. Déantar an gníomhaíocht arís bunaithe ar theaghlach ón bpóstaer.
- Roghnaigh carachtar/teaghlach ón bpóstaer. Scríobh, i róil an duine sin, nuacht, cárta poist, cárta breithe, liosta siopadóireachta nó ríomhphost chuig cara.
- Scríobh dán acrastach ar théama TEAGHLACH.
- Tomhais Cé? Seasann páiste suas agus glaonn siad ráiteas amach m.sh. 'Tá cúigear i mo chlann', 'Caithim spéaclaí', 'Tá beirt dhaidí agam' srl. Déanann na páistí tomhais maidir leis an gcarachtar sa chur síos.
- Scríobh cuireadh do chóisir breithlá an buachaill sa pháirc. Déan plé faoi na cluichí agus na bréagáin a bheadh ag an gcóisir. An bhfuil cluichí ar leith do bhuachaillí agus cluichí ar leith do chailíní? Déan plé ar steireaphlátaí a bhaineann le hinscne.

RANG A TRÍ AGUS RANG A CEATHAIR

Snáithe: Mise agus daoine eile — Snáithaonad: Mise agus mo theaghlach

– teaghlaigh agus bailte a iniúchadh agus a phlé agus mar is féidir leo bheith éagsúil ar go leor slite (Curaclam OSPS, lch. 46)

EOCHARCHEISTEANNA DON PHÓSTAER:

> Cén saghas teaghlaigh a fheiceann tú? An bhfuil siad go léir mar an gcéanna?
> Dírigh ar theaghlach amháin ar feadh seal. Cad atá ar siúl acu?
> Cad is brí leis an téarma 'teaghlach'?
> Cén tábhacht a bhaineann le teaghlaigh?
> Féach ar an teaghlach atá ag freastal ar an gcóisir. An bhfuil ról speisialta ag an madra sa chlann, dar leat? (Bíonn madraí ag teastáil ó roinnt páistí chun dul i ngleic le daille nó le neamhord de chuid speictream an uathachais)
> An bhfeiceann tú siombail sa phictiúr? Cad is brí leo? (Seasann an bogha báistí do ghlacadh L.A.D.T, seasann an roth do chultúr an Lucht Siúil agus Rómach, déanann an chruinneog tagairt do bhraistint mhuintearais do níos mó ná áit nó cultúr amháin). Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach meas a léiriú do chultúir agus d'fhéiniúlachtaí éagsúla?
> Is ionann L.A.D.T agus daoine atá leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach. An féidir leat smaoineamh ar na rudaí dearfacha a dhéanann daoine atá L.A.D.T inár sochaí? (Má bhíonn deacrachtaí ag na páistí léirigh dóibh go n-oibríonn daoine L.A.D.T i ngach chearn den tsochaí - múinteoirí, dochtúirí, aisteoirí, saighdiúirí, ceoltóirí, ealaíontóirí, meicneoirí, eolaithe, gníomhaithe ar son chearta an duine srl.)

SMAOINTE CEACHTA:

- Cruthaigh mapa smaointe bunaithe ar do theaghlach.
- Tarraing pictiúr de do theaghlach i stíl ealaíontóra ar leith m.sh. Picasso.
- Déan plé faoi na bealaí ina mbaintear úsáid as páirceanna agus spásanna poiblí. Cad atá ag teastáil iontu chun cinntiú go mbeidh gach ball pobail in ann iad a úsáid? An ndéanfá aon rud chun an pháirc seo a fheabhsú? Maisigh do pháirc féin.
- Tabhair ceann de na teaghlaigh do gach mac léann. Tabhair tasc scríbhneoireachta dóibh m.sh. scríobh dialann don lá, scríobh cuntas bunaithe ar eachtra a tharla roimh nó tar éis cuairt chuig an bpáirc.
- Comhrá ar an bhfón: Aimsíonn na páistí daoine le fóin sa phóstaer. Déanann siad rólimirt ar chomhrá a bheadh acu.
- Conas mar a dhéantar na poist tí a roinnt i do theaghlach? Conas mar a dhéantar iad a roinnt sna teaghlaigh ón bpóstaer? Scríobh liostaí de na poist tí go léir bunaithe ar gach teaghlach ón bpóstaer.
- Roghnaigh teaghlach agus i ngrúpa déan rólimirt ar eachtra thábhachtach nó suimiúil i saol an teaghlach m.sh. cuairteoir. Cruthaigh íomhánna agus bain úsáid as rian smaointe, diancheistiú srl.
- Déan plé faoi na fadhbanna / dúshláin a bhíonn ag teaghlaigh éagsúla, na teaghlaigh ar an bpóstaer san áireamh m.sh. bás na madraí teaghlaigh, bagáiste imithe ar strae ar laethanta saoire, bogadh tí.
- Oideachas na Meán Cumarsáide: Déan plé faoin mbealach ina léirítear teaghlaigh agus róil inscne éagsúla i gcluichí ríomhaire/scannáin/leabhair/cláir theilifíse srl.
- Uaireanta ní bhíonn cónaí ar gach ball teaghlaigh sa teach/cathair/tír chéanna. Conas gur féidir linn dul i dteagmháil lenár dteaghlaigh ag baint úsáide as teicneolaíocht? An bhfeiceann tú samplaí de seo ar an bpóstaer?
- Conas gur féidir linn a bheith slán sábháilte agus muid ag baint úsáide as teicneolaíocht? Cruthaigh póstaeir bunaithe ar Shábháilteacht Ar Líne chun dea-nósanna teicneolaíochta/ar líne a phlé.

RANG A CÚIG AGUS RANG A SÉ

Snáithe: Mise agus daoine eile — Snáithaonad: Mise agus mo theaghlach

– saghsanna difriúla teaghlaigh a iniúchadh agus a phlé, agus a aithint go mbíonn teaghlaigh difriúil maidir le struchtúr, leis an gcaoi a ndéanann siad cumarsáid agus leis an gcaoi a gcaitheann baill an teaghlaigh a gcuid ama (Curaclam OSPS, lch. 61)

EOCHARCHEISTEANNA DON PHÓSTAER:

> Cad a léiríonn an póstaer seo?
> Cén chúis atá ag an bpóstaer seo, dar leat?
> Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach labhairt faoi theaghlaigh dhifriúla agus meas a léiriú orthu?
> Cad is brí le 'teaghlach'? (Déan tagairt do na teaghlaigh go léir sa phóstaer)
> Conas a thugann do theaghlaigh braistint mhuintearais duit? Cén tábhacht a bhaineann le seo?
> An bhfuil páistí i ngach teaghlach? (Tá teaghlach amháin le beirt fásta ar thaobh na láimhe deise)
> An féidir leat smaoineamh ar aon steireaphlátaí a bhaineann le cuma fisiciúil/nósanna/poist/rud a thaitníonn le daoine/rudaí nach dtaitníonn le daoine srl. Cén fáth go bhfuil sé tábhachtach dúshlán a thabhairt ar na steireaphlátaí seo? An bhfuil saoirse ag daoine maidir le cuma fisiciúil/nósanna/poist/rud a thaitníonn le daoine/rudaí nach dtaitníonn le daoine srl. i do scoil agus i do cheantar?
> Cad do a sheasann L.A.D.T?
> Déan plé agus anailís ar pholasaí frithbhulaíochta na scoile. Cuir béim ar na téarmaí 'bulaíocht homafóbach agus trasfóbach'. Iarr ar na páistí cur síos a dhéanamh ar an gciall a bhaineann le seo.
> Conas gur féidir linn cinntiú go bhfuil ár seomraí ranga, scoileanna agus ceantair fáilteach do gach pháiste, déagóir, duine fásta agus teaghlach.

SMAOINTE CEACHTA:

- Cad is brí leis an bhfocal 'teaghlach', i do thuairim féin? Scríobh síos do fhreagra. Déan an focal a phlé le cara agus scríobh síos bhur míniú. Déan plé ar an bhfocal mar rang. Maisigh póstaeir a léiríonn an bhrí atá ag an bhfocal 'teaghlach' agus croch timpeall an ranga iad.
- Déan am ciorcal bunaithe ar théama 'Is féidir le cailíní ... agus is féidir le buachaillí ...' Tabhair dúshlán ar steireaphlátaí a thagann chun cinn agus páistí i mbun cainte.
- Aimsigh an grianghrafadóir atá ag glacadh grianghraif de na teaghlaigh go léir sa pháirc. Déan plé ar ghrianghraif shuimiúla. Cruthaigh alt nuachta a bheadh in oiriúint de gach phortráid teaghlaigh.
- Déan nascanna idir an póstaer agus leabhair, scannáin, cláir theilifíse chomh maith lenár saoil féin agus an domhain mórthimpeall orainn.
- Cur ceist ar na páistí labhairt faoi gach saghas teaghlach a fheiceann siad sna meáin chumarsáide. Déan é seo a phlé go mion.
- Déan anailís ar theaghlaigh L.A.D.T i leabhair i.e. an bhfuil siad á dtaispeáint i leabhair go minic?
- Cur leabhar le chéile do pháistí níos óige chun gach saghas teaghlach a léiriú agus a cheiliúradh.
- Cur Cairt Rialacha do Chearta Clainne le chéile – liosta de na cearta go léir gur chóir go mbeadh ag gach teaghlach.
- Tionscnamh Staire: Iarr ar na páistí baill teaghlaigh a chur faoi agallaimh nó taifead a dhéanamh orthu chun scéal teaghlaigh a chruthú – scéalta ón óige, áiteanna ina raibh cónaí orthu, eachtraí tábhachtacha san am atá thart, bealaí inar athraigh róil buachaillí agus cailíní (sa bhaile/ar scoil/sa saol oibre) thar na blianta.
- Maisigh suíomh idirlíne don scoil le leathanach baile a dhéanann gach duine a fháiltiú agus a chur san áireamh.
- Comhairle na Mac Léann: Buaileann siad le chéile chun plé a dhéanamh faoi straitéisí go bhféadfaí cur i bhfeidhm chun dúshlán a chur ar bhulaíocht homafóbach agus trasfóbach.

GLUAIS LE TÉARMAÍ AGUS MÍNIÚCHÁIN ATÁ IN OIRIÚINT DO RANGANNA

	NAÍONÁIN SHÓISEARACHA GO RANG A DÓ	RANG A TRÍ GO RANG A SÉ
LEISPIACH	Bean atá grá aici do bhean eile agus is féidir leo bheith ina dteaghlach le chéile.	Bean a bhfuil gaol grámhar aici nó atá ag iarraidh gaol grámhar a bheith aici le bean eile.
AERACH	Fear atá grá aige d'fhear eile agus is féidir leo bheith ina dteaghlach le chéile.	Fear a bhfuil gaol grámhar aige nó atá ag iarraidh gaol grámhar a bheith aige le fear eile. Uaireanta baintear úsáid as an téarma seo chun cur síos a dhéanamh ar leispiacha.
DÉGHNÉASACH	Duine gur féidir leo grá a bheith acu d'fhear nó do bhean. Is féidir leo bheith i dteaghlach le fear nó bean.	Duine a bhfuil nó atá ag iarraidh gaol grámhar a bheith acu le bean nó fear.
TRASINSCNEACH	Cailín a mhothaíonn gur buachaill iad / Bean a mhothaíonn gur fear iad. Buachaill a mhothaíonn gur cailín iad / Fear a mhothaíonn gur bean iad.	Duine a rugadh le tréithe fisiciúla buachaill / cailín ach a mhothaíonn gur inscne dhifriúil iad, agus gur mhaith leo an saol a chaitheamh san inscne sin.
HEITRIGHNÉASACH (NÓ DÍREACH)	Fear atá grá aige do bhean nó bean atá grá aici d'fhear. Is féidir leo bheith ina dteaghlach le chéile.	Fear atá grá aige do bhean nó bean atá grá aici d'fhear. Is féidir leo bheith ina dteaghlach le chéile.
BULAÍOCHT HOMAFÓBACH	Nuair a ghortaíonn duine daoine eile de bharr gur duine leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach iad nó de bharr go gceapann daoine gurb iad.	Nuair a ghortaítear daoine eile (ó bhéal, go síceolaíoch, go fisiciúil, ar an idirlíon srl.) de bharr gur duine leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach iad nó de bharr go gceapann daoine gurb iad.
BULAÍOCHT TRASFÓBACH	Nuair a ghortaíonn duine daoine eile de bharr go bhfuil siad trasinscneach nó de bharr go gceapann daoine go bhfuil siad trasinscneach.	Nuair a ghortaítear daoine eile (ó bhéal, go síceolaíoch, go fisiciúil, ar an idirlíon srl.) de bharr go bhfuil siad trasinscneach nó de bharr go gceapann daoine go bhfuil siad trasinscneach.
L.A.D.T	Bealach níos giorra chun Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach a rá.	Bealach níos giorra chun cur síos a dhéanamh ar phobal Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach.
HOMAIGHNÉASACH	Focal a bhaineann dochtúirí agus eolaithe úsáid as chun cur síos a dhéanamh ar dhaoine atá aerach nó leispiach. Taitníonn an téarma L.A.D níos fearr le daoine atá leispiach, aerach nó déghnéasach.	Focal a bhaineann dochtúirí agus eolaithe úsáid as chun cur síos a dhéanamh ar dhaoine atá aerach nó leispiach. Taitníonn an téarma L.A.D níos fearr le daoine atá leispiach, aerach nó déghnéasach.

ACMHAINNÍ EILE ATÁ AR FÁIL

Cliceáil ar an nasc 'Educational Resources' ar shuíomh idirline an Grúpa Múinteoirí INTO L.A.D.T. **www.into.ie/lgbt**

> Leaganacha den phóstaer don chlár bán idirghníomhach, i mBéarla agus i nGaeilge
> Taispeántais beoite den phóstaer
> Liosta leabhair a spreagann cuimsiú ranga
> Liosta suímh idirline

TAGAIRTÍ

DES. (2013a). Action Plan on Bullying: Report of the Anti-Bullying Working Group to the Minister for Education and Skills. Dublin: Department of Education and Skills. ROS. (2013b). Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna. ROS. (1999). Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS): Curaclam na Bunscoile. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna. Mayock, P., Bryan, A., Carr, N. & Kitching, K. (2009). Supporting LGBT Lives: A Study of the Mental Health and Well-Being of Lesbian, Gay, Bisexual and Transgender People. Baile Átha Cliath: Gay and Lesbian Equality Network (GLEN) agus Seirbhís BeLonG To. Minton, S.J. (2013). 'Homophobic Bullying in Schools in Ireland'. In O'Moore, A.M., & Stevens, P. (Ed.), Bullying in Irish Education. Cork: Cork University Press. Norman, J., Galvin, M., & Namara, G. (2006). Straight Talk. Researching Gay and Lesbian Issues in the School Curriculum. Dublin: Centre for Educational Evaluation, DCU. O'Moore, A.M., & Stevens, P. (2013). Bullying in Irish Education. Cork: Cork University Press.

Ba mhaith leis an nGrúpa Múinteoirí INTO L.A.D.T. aitheantas a thabhairt do Stonewall a thug cead dúinn an sluaghairm 'Different Families, Same Love' a úsáid.